

Rogha na cloinne Conall

[Mac Cionnaith, L. *Dioghlúim Dána*, Dublin, 1938, poem 113]

Giolla Brighde Mac Con Midhe .cct.

1 Rogha na cloinne Conall,
togha na droinge a-dearam;
tolg dar seoladh rug romham,
Conall tug d'Eoghan fhearann.

2 Lais thángadar a Teamraigh
rángadar re a ais Eidhnigh;
do shín a éill go harnaidh
re damhraidh shíl Néill neimhnigh.

3 Toghtar Conall na gcuradh
- nochar thorann gan toradh -
an tslat réidh fheardha iodhan
ionadh Néill Teamhra ar toghadh.

4 Laoghaire ag tnúdh - fa toillchiall -
rer n-aoghaire n-úr n-armchaol
craobh ris ar easbhach iomthnúdh
fionnchúl caomh fleasgach fannchaomh.

5 Aoghaire do réidh roiréidh
Laoghaire - fa léim sodháin -
ríghe laoi 's oidhche d'fhagháil
ar ngabháil choidhche an chonáigh.

6 Teagar lá is adhaigh Éire
dar gcabhair mar do-chuala;
Conall achd gér chruaid lámha
gránna an comhall fhuair uadha.

7 Ar Laoghaire "Is leam Teamhair;
aonduine im cheann ná cuiridh"
"Ahd lá riamh ann is adhaigh
faghaidh" ar barr fial Fuinidh.

8 Truagh do Laoghaire a luaighill
aonduine uadh for Éirinn
crobhuing do líon mo lámhainn
síol áluinn Conuill chéibhfhinn.

9 Síol Laoghaire ní leanann
saoruidhe na ríogh romham;
do-chuaidh fa a chró a fhearg d'fhulang

dulann dó a chealg ar Chonall.

10 Deich rígh don tsíol óg áluinn
- a ród is do shíor shíolaim -
fuair ó linn Conuill chéibhfhinn
romhuinn Éirinn bhfinn bhfíonduinn.

11 Ainmhire a arm do lúbadh
garbh re hainbhfine an t-óigfhear;
a mhóid níor mhín i n-éigean
céidfhear dhíb na gCóig gCóigeadh.

12 Do badh dhíbh Domhnall doinnmhear
nar mhín comhlann a chrannghal;
do chuir an cath re Conghal
ar Muigh fhonnghlan Rath raghlan.

13 Aodh díb ro b'fhogha uilleach,
Maol mín Cobha gan chrannach,
Conall fial caomh is Ceallach
na gciabh ngleannach gcaol gclannach.

14 Baodhán Liag, Loingseach Dobhair,
coimseach iad ar na huilibh,
Conghal caisChinn mhóir Mhaghair,
cabhair shlóigh fhairsing Fhuinidh.

15 Laithbheartach laoch nar sguchadh,
gaoth tre chlaichshneachta chiothmhar,
fir Breagh a brón do bheanfadh
an deachmhadh fear mór miodhchar.

16 Go Domhnall Óg dá n-áirmhear
dá bhfoghnann gach fód líonmhar
do chloinn Néill an tréad taoibhgheal
aoinfhear déag san réim ríoghradh.

17 Deich gcéile ad-chím don chineadh
tar ar shín Éire a hionar,
fir go mbuaidh dhí ar a ndeireadh;
fuair deighfhear í 'n-a n-ionadh.

18 Domhnall ó Dhún chas Cnucha
gan súgh mar bhlas a bhracha,
ní thoghfa mé méin seacha,
breatha Dé réim a ratha.

19 Mac Domhnaill duille ar gcraoibhe
Ó Domhnaill Tuinne Tuaidhe

mac d'fhíonLasair a hÁine
gráinne a míonfhraosaibh Muaidhe.

20 Ó Domhnaill chéibhfhinn Codhail
comhrainn d'Éirinn ní fhuirigh;
go mbeire an fear fál droighin
lámh re froighidh bhfear bhFuinidh.

21 Do líon gach linn ar dtrághadh
mar do ríogh sinn an saoirfhear;
níor lia bó is lucht ga líonadh
sa ló ar ríoghadh Art Aoinfhear.

22 Bláth gach tíre 'n-a thoradh,
gnáth díle mar a dubhadh,
gach fíodh cnó mbán ag bloghadh,
gach domhan lán bó is brughadh.

23 Gach coill mhín choimhthe chomhlán,
toirthe 'n-a thír ga dtuilshníomh,
tonna an chalaidh ar comhshnámh
lomnán maghair is muirmhíol.

24 Maighre geal solas Sionna
dar lean gach sonas sunna;
do shaoirchleith mhín Deirg Droma
tonna i dtír do theilg tunna.

25 Fíon garg go tonnDruim Tuama
nach tard d'Ua Dhomhnuill daonna;
tonna an chuain ag cur fíona,
go bun Síodha fhuair Aodha.

26 Clann Dálaigh, Domhnuill Teamhrach
táraid go tonnDruim Dairbhreach
fir do chloinn líonmhair Lughdhach,
coill ubhlach, míonghloin mhaighreach.

27 Mear toghdha glór na ngiolla
colbha na slógh sleagh 's leanna,
sona a gcnuic chasa chorra,
donna a mbruit, glasa a ngleanna.

28 Géill ba thuaidh 'n-a n-idh uain-ne
gach ré n-uair na fir fúin-ne,
ní bhí uann cáin dá chéile,
dual Éire dháibh is dúin-ne.

29 Seacht ndaighfhir díbh a-dearaim

rígh 'n-a n-aighidh ní fhaghaim
ar son na seacht ríogh romhainn
síol gConaill ag teacht tharainn.

30 Brian, dá Aodh, Niall cas Caille,
Niall na bhFras fa caomh gcloinne,
tug geall do Chonall Cime
Colam Cille ar gceann coinne.

31 Ó Domhnaill shaoir ó Shionnainn,
a mhaoir ar dhonnDruim Dabhaill;
do fhóir geiléan caomh Coruinn
ceinéal gConuill saor Sabhaill.

32 Nós ríogh Eamhna gur éirigh
a ghníomh go feardha fáilidh
nochar dhéanta 'n-a nduanaibh
sluaghaidh náid éachta d'áirimh.

33 Gidh áluinn rabh laogh lachta
nó damh caomh nocha chreapfa;
abaigh bláth na gcnó gcorcra;
tráth molta dhó badh dheachta.

34 Ó Duib-dhíorma an tarbh tuilmhear
do mharbh an ríoghdha rinnghéal;
ní cuirthe i ndán go ndearnadh
eangnamh ná dál nach dingneadh.

35 Tug teach Fordroma fíonduinn
gan ardlonga gan ógluing;
do mharbh Ó Maoil aird Fhábhuill,
's do airg Máluinn gcaoin gcnódhuinn.

36 Do ionnsaigh fear saor Sligigh
Aodh gur lean as a leabaidh;
fa ruathar suairc cruaidh cagaidh
cuairt chladaigh uair an Eabair.

37 Rug beo - is doiligh fa dheireadh -
Mág Uidhir leo gur leanadh;
lom gach teach as a dtabhar
go caladh creach long leabhar.

38 Goill go mín ó a chéim chagaidh,
a ngéill 'gun rígh 'n-a ribibh;
do ffromh deabhaidh an dreagain
tor eagair sleamhain Sligigh.

39 Ruaig 's a rionnlán áigh uirre
d'iomrádh nochan áil linne;
do ba ruadh colg ón choinne
do-roinne im bhord bhfuar bhFinne.

40 Ruaig gharg an leomhain loinnmhir
go hArd Eoghain do fholmhuigh;
do-chuaidh dá breith a Boirnibh
le coinnlibh creich gcruaidh gcodhnaigh.

41 Gé rug bú iomdha uain-ne
a dhíomdha níor dhú dhúin-ne
- is é linn táith ar dtíre -
i ríge cinn bhláith Bhúille.

42 Is cáineadh dháibh dá ndearnuinn
áireamh a áigh shaorloinn;
gan srian re hágh ní fhuilngim,
ní thuirmhim trian dál Domhnaill.

43 Mac Domhnaill Domhnaigh Cobha
nochar odhraigh a fhola
ag Brian do bhí 'n-a thogha
rí an bhrogha riamh a rogha. Rogha.